

7 Lá: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Cathain a bhí an Tíogar Ceilteach i réim in Éirinn?
- Céard a tharla le linn ré an Tíogair Cheiltigh?
- Cén chaoi a bhfuil cúrsaí anois, dar leat?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

an Tíogar Ceilteach	<i>despite the recession</i>
le linn ré an Tíogair Cheiltigh	<i>a cause for worry</i>
dífhostaíocht	<i>the Celtic Tiger</i>
traidisiún na himirce	<i>the tradition of immigration</i>
in ainneoin an chúlaithe eacnamaíochta	<i>during the Celtic Tiger era</i>
Rialtas na hÉireann	<i>recession</i>
údar imní	<i>unemployment</i>
tionchar sóisialta agus cultúrtha	<i>the Irish government</i>
cúlú eacnamaíochta	<i>social and cultural effect</i>

C Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

- Tugadh _____ ar Éirinn nuair a thosaigh geilleagar na tíre ag fás go tapa sna nóchaidí.
- Tháinig an _____ aniar aduaidh ar dhaoine.
- Bhí _____ nach beag ag an Tíogar Ceilteach ar an tír seo.
- Tá an _____ fós ar cheann de na fadhbanna is measa sna ceantair Ghaeltachta.
- I mo thuairimse, chaill muid ar fad guaim orainn féin _____.
- _____, tá meon dearfach sa tír seo i gcónaí.
- Tá go leor Éireannach ar fud an domhain anois ó go bhfuil _____ an-láidir sa tír seo i gcónaí.
- Is _____ iad ciníochas agus cineálacha eile éadulaingthe, lena n-áirítear i gcás daoine a mbaineann cúlra imirceach leo.
- Síníonn an tUachtarán billí thar ceann _____.



A

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén dúshlán faoi leith atá ann, dar leis an Aire?

- Brexit
- cúrsaí caiteachais
- cúrsaí cánach

2. Cén beartas suntasach eile atá fógartha?

- laghdú ar an bpinsean seanaoise
- ardú ar an bpinsean seanaoise
- liúntas nua do phinsinéirí

3. Cén ghné den cháinioncam atá laghdaithe?

- bandaí agus rátaí cáinioncaim
- creidmheasanna cáinioncain
- an muirear uilíoch

4. Cén t-uasmhéid aisíocaíochta a gheobhfar leis an scéim ‘cuidiú-le-ceannach’?

- €20,000
- €36,000
- €60,000

5. Cé mhéad pinsinéir atá sa tír?

- 27,000
- 30,000
- 43,000

6. Cé acu de na rudaí thíos nach mbeidh athrú orthu? [Níos mó ná freagra amháin]

- cáin ar bhreosla
- cáin ar alcól
- cáin ar thoitíní

7. Cén costas atá ar thoitíní anois?

- aon euro dhéag an paca
- aon euro dhéag agus caoga cent an paca
- dhá euro dhéag an paca

B Cur i láthair.

Agus tú ag obair i dteannta le do pháirtí ranga, déan taighde ar cheann de na hábhair thíos agus ullmhaigh cur i láthair gearr ar na hathruithe a rinneadh orthu sa bhuiséad le cúpla bliain anuas agus an tionchar atá aige sin ar ghnáthdhaoine.

- Praghas toitíní
- Cáiníoncam
- An státphinsean
- An muirear uilíoch
- Táillí uisce
- Cáin ar alcól

C Críochnaigh na seanfhocail thíos leis na frásaí ar dheis. Pléigh a mbrí le do pháirtí ranga.

Is fearr lúbadh

Is fearr paiste

Is fearr cairde

Is fearr súil romhat

Is fearr a bheith díomhaoin

Is fearr an tsláinte

Is fearr cara sa chúirt

Is fearr lán doirn de cheird

ná poll.
ná drochghnóthach.
ná briseadh.
ná lán mála d'ór.
ná ór.
ná dhá shúil i do dhiaidh.
ná na táinte.
ná punt sa sparán.

**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.**1. Cé na rudaí dearfacha a bhí sa bhuiséad, dar leis an gcéad bhean?**

- nach bhfuil athrú ar phraghas breosla
- níos mó post do mhúinteoirí
- an scéim ‘cúnamh-le-ceannach’

2. Fíor nó bréagach: Tá an chéad bhean dearfach faoin mbuiséad.

- Fíor
- Bréagach

3. Fíor nó bréagach: Tá an chéad fhear dearfach faoin mbuiséad.

- Fíor
- Bréagach

4. Cé na rudaí dearfacha a bhí sa bhuiséad, dar leis an dara bean?

- nach bhfuil athrú ar phraghas breosla
- níos mó post do mhúinteoirí
- an scéim ‘cúnamh-le-ceannach’

5. Céard a deir an dara fear faoin mbuiséad?

- Is athruithe móra atá ann nach nglacfar leo go héasca
- Tá beagán sásaíochta ann do ‘chuile dhuine
- Níl dótháin déanta le dul i ngleic le ‘Brexit’

B *Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.*

- An ndéantar dóthain infheistíochta i seirbhísí do dhaoine óga, dar leat? Cén fáth?
- Cad ba chóir don rialtas infheistíocht a dhéanamh ann ar mhaithe leis an aos óg, dar leat?
- Ar chóir go mbeadh ar dhaoine íoc as táillí ollscoile, dar leat? Tabhair cúiseanna.

C Críochnaigh an t-alt leis na focail sa ghreille thíos.

Mhair ré an Tíogair Cheiltigh tuairim is _____. Le linn na tréimhse sin, d'éirigh leis an tír ráta dífhostaíochta 0.05% _____.

Cheap muintir na hÉireann go raibh siad ar mhuintir na muice. Ach, feictear anois gur chaill muid uilig _____.

Ní raibh aon duine _____ cúlú eacnamaíochta domhanda in 2008. Thosaigh sé i _____, áit a raibh go leor daoine i bhfiacha leis _____.

Nuair a d'iarr na bainc íocaíocht ar _____ óna gcuid custaiméirí, ní raibh daoine in ann na hiasachtaí sin a íoc ar ais.

Mar gheall go raibh na bainc ag cailleadh airgid ar an gcaoi seo, d'éirigh _____ neirbhíseach. Stop na bainc ag tabhairt amach _____ le go mbeadh siad in ann na hinfheisteoirí a íoc, ach theip ar chuid acu é sin a dhéanamh. Bhí comhlachtaí agus daoine araon gann ar airgead agus tháinig titim mhór _____. Mar gheall gur thit táirgeocht, tháinig ardú mór millteach ar an ráta dífhostaíochta.

Is mar sin a thosaigh _____ agus tá a thionchar le feiceáil fós.

infheisteoirí	na hiasachtaí fophríomha	iasachtaí
a bhaint amach.	deich mbliana.	ar thrádáil idirnáisiúnta.
an cúlú eacnamaíochta	na bainc.	guaim orainn féin.
Meiriceá,	ag súil le	go fánach & go seafóideach.


A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén tionchar a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta ar pharóiste Múrach?

- ardú i líon na dturasóirí
- ráta ard imirce
- níos mó imeachtaí pobail
- gann ar sheirbhísí
- stádas DEIS bronnta ar an scoil áitiúil

2. Cén dá scéim is tábhachtaí do mhuintir na Gaeltachta, dar leis an gcéad cainteoir?

- GLAS
- CLÁR
- Cúnamh Feirme
- An Scéim Shóisialta Tuaithe

3. Cé na rudaí a chuir ímní ar fheirmeoirí, dar leis an tuairisceoir?

- drochaimsir i rith na bliana
- praghas na stoc is bainne tite
- géarchéim Brexit

4. Cé air is mó a mbeidh tionchar ag an ardú sa scéim Cúnamh Feirme, nó ‘Farm Assist,’ dar leis an dara cainteoir?

- Feirmeoirí móra
- Feirmeoirí beaga
- Cásanna speisialta

5. Fíor nó bréagach: Bhí an trú cainteoir dóchasach maidir leis an todhchaí.

- Fíor
- Bréagach

B Ag caint leis an Aire Airgeadais.

Le do pháirtí ranga, breac síos trí cheist ar mhaith leat a chur ar an Aire Airgeadais maidir le cúrsaí airgeadais in Éirinn sa todhchaí. Léigh amach don rang iad nuair atá sibh críochnaithe agus pléigh na freagraí a mbeifí ag súil leo.

C Ullmhaigh díospóireacht bunaithe ar an rún thíos le do ghrúpa.

Is é an t-oideachas an rud is tábhachtaí do thodhchaí na tíre.